Special EU Programmes Body
Foras Um Chláir Speisialta An AE
Boord O Owre Ocht UE Projecks



# An Foras um Chláir Speisialta an AE

## Tuarascáil agus Cuntais Bhliantúla 2014

European Union
European Regional Development Fund
Investing in your future

Northern Ireland Executive
www.northernireland.gov.uk

Ireland's EU Structural Funds Programmes 2007–2013
Co-funded by the Irish Government and the European Union

The Scottish Government
Riaghaltas na h-Alba

**Tuarascáil Bhliantúil an Fhorais um Chláir Speisialta an AE**
**Tuarascáil agus Cuntais Bhliantúla**
**le haghaidh na bliana dar críoch 31 Nollaig 2014**

Arna gcur faoi bhráid Thionól Thuaisceart Éireann
Faoi alt 11 (3) (c) den Acht um Rialtas, Acmhainní agus Cuntais (Tuaisceart Éireann) 2001
agus faoi bhráid dhá theach an Oireachtais faoi Aguisín 2, cuid 7,
alt 1.3 den Acht um an gComhaontú Briotanach-

Dé Céadaoin 16 Nollaig 2014

**© SEUPB 2015.**

Is ceadmhach téacs an doiciméid seo (ní chuimsíonn sé seo an tArmas Ríoga agus gach lógó roinne nó gníomhaireachta nuair a bhíonn siad ann) a atáirgeadh saor in aisce i bhformáid nó meán ar bith, fad is go ndéantar é a atáirgeadh go cruinn, gan é a bheith i gcomhthéasc míthreorach.

Caithfear an t-ábhar a aithint mar chóipcheart © SEUPB agus teideal an doiciméid a bheith sonraithe. Nuair a aithnítear ábhar tríú páirtí, caithfear cead ón sealbhóir cóipchirt atá i gceist a lorg.

Ba chóir ceisteanna ar bith faoin bhfoilseachán seo a sheoladh chugainn ag **info@seupb.eu**

Tá an foilseachán seo ar fáil chomh maith ag **www.seupb.eu**

**An íomhá chlúdaigh:**
‘Moving On’ – Cúil Seannach, Muineachán.
Mar chuid den chlár ‘Building Peace Through the Arts: Re-imaging Communities’, rud atá maoinithe ag PEACE III. Creidiúint Saothar Ealaíne agus Grianghrafadóireachta: Mark Ryan agus Maree Hensey.

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Réamhrá an Chathaoirligh | 2 |
| Ról an Fhorais um Chláir Speisialta an AE | 4 |
| Gnóthachtáil i gcomparáid le Cuspóirí Corparáideacha (2014-2016) | 6 |
| Forbhreathnú ar na Cláir | 8 |
| • PEACE III | 9 |
| • INTERREG IVA | 15 |
| • INTERREG IVB & IVC (Trasnáisiúnta agus Idir-réigiúnach) | 19 |
| Cur in iúl na Teachtaireachta in 2014 | 20 |
| Cuntais Bhliantúla | 24 |
| Aguisín | 38 |

# Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh

Rinneamar ceiliúradh in 2014 ar dheireadh Chlár an AE um Shíocháin agus Athmhuintearas (PEACE III) agus Clár INTERREG IVA do Thuaisceart Éireann, Réigiún na Teorann in Éirinn agus Iarthar na hAlban, cás a thugann deis dúinn machnamh a dhéanamh ar an méid a baineadh amach leis an dá Chlár le seacht mbliana anuas.

Faoi dheireadh 2014, bhí Clár PEACE III an AE tar éis maoiniú a fhaomhadh d'iomlán 218 tionscadal ar luach iomlán €333 milliún. Díríodh aird ar thionchar an Chláir ag comhdháil mhór i mBéal Feirste i Méan Fómhair agus ba é an téama a bhain leis seo ná 'Eispéireas ar an gCoinbhleacht a Roinnt agus a Thuiscint'. Léirigh an ócáid cuid den obair den chéad scoth atá ar siúl i dtionscadail atá maoinithe ag PEACE III, go háirithe na cinn siúd a bhaineann le as drámaíocht, scannáin, teicnící físiúla ealaíne agus scéalaíochta chun leibhéil mhéadaithe síochána agus athmhuintearais a spreagadh ar fud an réigiúin.

Bhí Clár INTERREG IVA tar éis maoiniú a fhaomhadh d'iomlán 88 tionscadal faoi dheireadh 2014, ar luach iomlán thart ar €265 milliún. Díríodh aird ar théama comhshaoil trasteorann an Chláir ag comhdháil a bhí ar siúl i nDún Dealgan i nDeireadh Fómhair dar teideal 'Sharing Borders, Growing Closer'. Chuir an ócáid lae seo rudaí i láthair faoi chaomhnú an diúilicín péarla fionnuisce, nuálaíocht i gcóireáil an truaillithe orgánaigh, chomh maith le taighde agus forbairt le haghaidh táirgí fuinimh in-athnuaite agus teicneolaíochtaí inbhuanaithe.


Seoladh roinnt tionscadail caipitil i rith 2014, amhail 'Páirc Réigiúnach Eolaíochta an Iar-Thuaiscirt', rud a bhí maoinithe ag INTERREG, áis trasphobail spóirt 'PEACE Link' i gCluain Eois (rud a bhí oscailte go hoifigiúil ag an Uachtarán Michael D. Higgins) agus an 'Glen Community Complex', rud a thugann seirbhísí tacaíochta pobail a bhfuil géarghá leo go ceantair Lenadoon agus Suffolk in Iarthar Bhéal Feirste.

Seoladh céimeanna tógála roinnt tionscadail caipitil eile chomh maith i rith na bliana. Ina measc seo, bhí rudaí amhail 'Siege Museum' na bprintíseach agus an 'Garden of Reflection' i nDoire, chomh maith le dhá ionad léirmhíniúcháin de chuid an Oird Oráistigh (rudaí ar a dtugtar 'Iarsmalanna na hOidhreachta Oráistí') ag Teach Schomberg, Béal Feirste agus Teach Sloan, Loch gCál.

Ar na tionscadail ar eagraíodh ócáidí dúnta ina leith in 2014, bhí 'Social Farming Across Borders', dream a chuir comhdháil ar siúl ag Caisleán Bhéal Feirste i Meán Fómhair agus 'ANSWER', dream a chuir a n-ócáid deiridh ar siúl in Ard Mhacha i nDeireadh Fómhair.

Agus ullmhú ar siúl chun Cláir nua PEACE agus INTERREG a sheoladh le haghaidh 2014-2020, rinne an SEUPB an dara comhairliúchán, agus é mar chomhairliúchán deiridh, ó Mheitheamh go hIúil, agus iad ag tabhairt cuiridh don phobal i gcoitinne a dtuairimí a thabhairt ar na tograí faoin gcaoi a gcaithfear €0.55 billiún de mhaoiniú trasteorann ón AE sna seacht mbliana amach romhainn. Bhí cúig ócáid chomhairliúcháin ar siúl i nDún Dealgan, Doire, Glaschú, Béal Feirste agus sa Chabhán agus bhí tuairim is 700 duine i láthair.

Bhuail an SEUPB le roinnt toscaireachtaí idirnáisiúnta i rith na bliana chun eolas a roinnt faoi obair Chláir PEACE III agus INTERREG IVA.Tugadh cuireadh don SEUPB i nDeireadh Fómhair go Baile Átha Cliath le bualadh le toscaireacht ón Aireacht um Aontú sa Chóiré Theas le leanúint den phróiseas teagmhála faoi cheachtanna a foghlaimíodh ó Chláir PEACE. Tar éis do chuairt tosaigh a bheith tugtha ar Éirinn ag toscaireacht ó Thír na mBascach i Márta 2014, tugadh cuireadh don SEUPB cuairt chómhalartach



a thabhairt i nDeireadh Fómhair le leanúint de phlé agus malartú maidir le gnéithe éagsúla de Chlár PEACE.

Thug ionadaithe ó Choiste Forbartha Réigiúnaí Pharlamint na hEorpa cuairt ar Phort Láirge i mí Mhárta agus tugadh cuireadh don SEUPB bualadh le, agus cur i láthair a dhéanamh don toscaireacht, chun tairbhe an mhaoinithe Forbartha Réigiúnaí do Thuaisceart Éireann agus do Réigiún Teorann na hÉireann a léiriú.

Thug an SEUPB cuairt chomh maith ar Salzburg i mBealtaine le freastal ar 'Mind the Gap! Nuálaíocht le haghaidh Comhtháthú Réigiúnach agus Fás Cliste', rud a bhí eagraithe ag an gCoimisiún Eorpach agus ag Seimineár Domhanda Salzburg. Dhírigh an ócáid ar na príomhdhúshláin a bhaineann le Polasaí an Aontais Eorpaigh um Chomhtháthú 2014-2020, rud a chuir €350 billiún ar fáil le bheith infheistithe i réigiúin, cathracha agus fíorgheilleagar na hEorpa. Cuireadh obair Chlár PEACE i láthair mar léiriú nuálaíoch de thionchar an Pholasaí um Chomhtháthú ar Thuaisceart Éireann agus Réigiún na Teorann in Éirinn.

Agus muid ag breathnú chun tosaigh, tá obair shuntasach déanta chun Cláir PEACE agus INTERREG a fhorbairt le haghaidh 2014-2020. Tá dréacht-ábhar le haghaidh an dá Chlár tar éis a bheith seolta isteach i gcomhréir leis an spriocdháta rialaitheach agus táimid ag fanacht i láthair na huaire le barúlacha a bheidh mar thoradh ar an gcomhairliúchán idirsheirbhíse roimh idirbheartaíocht mhionsonraithe sula nglacfar go foirmiúil leis an dá Chlár.

Téann an SEUPB os comhair chuid mhaith Coistí de Thionól Thuaisceart Éireann agus de Thithe an Oireachtais chun cuntas a thabhairt ar dhul chun cinn chur i bhfeidhm Chláir PEACE III agus INTERREG. Ar 18 Márta agus 30 Aibreán 2014, tugadh cuireadh don SEUPB fianaise a thabhairt roimh Choiste Airgeadais agus Pearsanra Thionól Thuaisceart Éireann. Tharla cruinniú den Chomhairle Airí Thuaidh/Theas (CATT) maidir leis an SEUPB ag oifigí an CATT in Ard Mhacha ar 30 Bealtaine 2014. Ba iad na daoine a d'fhreastail ar an gcruinniú ná Simon Hamilton MLA, an tAire Airgeadais agus Pearsanra, Brendan Howlin TD, an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus Jennifer McCann, Aire Sóisearach sa OFMDFM.

Seo mo Thuarascáil Bhliantúil dheireanach mar POF ar an SEUPB ós rud é go mbeidh mé ag dul ar scor ó mo phost ag deireadh mhí an Mheithimh 2015. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun an t-ardmheas atá agam ar mo chomhghleacaithe sa SEUPB a chur in iúl mar gheall ar an obair atá déanta againn le chéile le deich mbliana anuas. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith le mo chomhghleacaithe sa dá Roinn Urraitheora agus sa NSMC mar gheall ar a dtacaíocht agus a gcúnamh.

Ní fhéadfaí obair PEACE agus INTERREG a dhéanamh gan tiomantas gaiscíochta thionscóirí na dtionscadal, na príomh-chomhpháirtithe agus comhaltaí na gCoistí Monatóireachta agus Stiúrtha. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a chur in iúl do na daoine sin go léir as a gcion oibre le cuid mhaith blianta anuas. Tá mé thar a bheith buíoch chomh maith as an gcion oibre atá déanta ag an gCoimisiún Eorpach sa réigiún seo le deich mbliana anuas chomh maith. Tá bród orm a rá go bhfuil cuid mhaith measa ar an SEUPB ar fud na hEorpa go fóill mar gheall ar an obair a dhéanann sé ar Chláir PEACE agus INTERREG. Ba mhaith liom rath a ghuí oraibh go léir in bhur gcuid oibre amach anseo.

**PAT COLGAN**
**Príomhfheidhmeannach**
**An Foras um Chláir Speisialta an AE**
**Nollaig 2014**

# Ról an Fhorais um Chláir Speisialta an AE

## Ár misean

“Cláir mhaoiniúcháin a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm go héifeachtúil ar son an dá rialtas agus an Aontais Eorpaigh, agus iad dírithe ar fheabhsuithe sóisialta agus eacnamaíocha a chur ar fáil do mhuintir Thuaisceart Éireann agus na hÉireann trí chomhoibriú trasteorann, trasnáisiúnta agus idir-réigiúnacha.”

## Ár bhFís

“Oibreoidh an SEUPB mar ghníomhaire iontaofa an dá rialtas agus an Choimisiúin Eorpaigh i mbainistíocht agus soláthar clár a chuireann le folláine eacnamaíoch agus shóisialta an réigiúin. Cuirfear lena obair le luachanna oscailteachta, trédhearcachta agus inrochtaineachta.”

### Míniú ar ár Ról

**Is Foras Thuaidh/Theas é an Foras um Chláir Speisialta an AE (SEUPB), rud a bunaíodh faoin gComhaontú idir Rialtas na hÉireann agus Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (an Comhaontú) agus tháinig sé i bhfeidhm ar 2 Nollaig 1999.**

Ordaíonn an Comhaontú don SEUPB na polasaithe atá treoraithe ag an gComhairle Airí Thuaidh Theas (CATT) mar atá sonraithe ag an Ordú um Chomhoibriú Thuaidh Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999, agus an tAcht um an gComhaontú Briotanach-Éireannach 1999, mar a leasaíodh, ordaíonn sé dó iad a chur i bhfeidhm.

Agus é mar ghníomhaire ar son an dá rialtas, tá an SEUPB tar éis gníomhú mar Údarás Bainistíochta Chláir PEACE II agus INTERREG IIIA 2000-2006. Tá an dá chlár dúnta anois.

Ó thús 2007, tá ról ag an SEUPB mar Údarás Bainistíochta, Údarás Deimhnithe agus chuir sé an Chomhrúnaíocht Theicniúil (CT) ar fáil do Chláir PEACE III agus INTERREG IVA. Sa ról atá aige mar Údarás Bainistíochta, tá an SEUPB mar chathaoirleach ar dhá Choiste Monatóireachta an dá chlár seo.

Tá ról leathan ag an SEUPB i dtacú le rannpháirtíocht Thuaidh/Theas i gCláir Thrasnáisiúnta INTERREG IVB a bhaineann le Tuaisceart Éireann. In éineacht leis seo, tá ról comhairleach agus treorach ag an SEUPB le haghaidh rannpháirtíocht Thuaidh/Theas i gclár Idir-Réigiúnach INTERREG IVC.

Beidh ról suntasach ag an SEUPB i bhforbairt Cláir Comhoibrithe Críche Eorpaí amach anseo le haghaidh na tréimhse nua clár ó 2014-2020. Tá iarrtha ag na Ballstáit go bhforbróidh na Cláir Oibriúcháin nua.

An craoltóir agus bitheolaí muirí, Monty Halls (i lár baill) agus é ag léiriú cuid áirithe den fhiadhúlra fíorspéisiúil in 'Touch Tank' Ghníomhaireacht na Lochanna don bhitheolaí agus láithreoir raidió/teilifíse, Éanna Ni Lamhna agus do Pat Colgan, Príomhfheidhmeannach an SEUPB ag "Sharing Borders, Growing Closer", comhdháil mhór comhshaoil an AE, rud a bhí eagraithe ag an SEUPB i nDún Dealgan.



# Gnóthachtáil i gcomparáid le Cuspóirí Corparáideacha

| uspóirí Corparáideacha | Príomhaschuir |
|---|---|
| 1. 'Cuspóirí Chláir PEACE III agus INTERREG IVA a bhaint amach go héifeachtach, trí threoir agus tacaíocht a chur ar fáil do na tionscadail fhaofa le cur ar a gcumas a gcion oibre don tsochaí a uasmhéadú.' | • Baineadh gealltanas iomlán amach ar fud an dá Chlár (i.e. €333m do PEACE III agus €256m do INTERREG IVA).<br>• Bhí Coiste Monatóireachta ar siúl le haghaidh Chlár PEACE III ar 7 Bealtaine 2014 in Ard Mhacha, agus bhí Coiste Monatóireachta INTERREG IVA ar siúl ar an lá céanna. Rinneadh gnó eile Coiste Monatóireachta le haghaidh an dá Chlár trí nós imeachta scríofa i Samhain.<br>• Bhí dhá Choiste Stiúrtha le haghaidh PEACE III ar siúl in Eanáir agus Márta 2014. Bhí Coiste Stiúrtha amháin ar siúl le haghaidh INTERREG IVA (Tosaíocht 2) i mBéal Feirste in Eanáir 2014 chun an chuid dheireanach den mhaoiniú a thabhairt, rud a cuireadh ar fáil ag deireadh 2013.<br>• Seoladh isteach Tuarascálacha Bliantúla ar Chur i bhFeidhm le haghaidh an dá Chlár i gcomhréir le frámaí ama an Choimisiún Eorpaigh. |
| 2. 'Cinntiú go gcuirtear tacaíocht agus treoir ar fáil do thionscadail mhaoinithe chun gur féidir leo feidhmiú i gcomhréir le Creat Rialaitheach an AE agus na mBallstát.' | • Cuireadh 22 seimineár oiliúna Príomhpháirtithe ar siúl rith 2014.<br>• Rinneadh monatóireacht ar chur i bhfeidhm na gcuspóirí agus na spriocanna de réir na Litreacha Tairisceana le haghaidh iomlán 270 tionscadal beo i rith 2014.<br>• Cuireadh an chéad leibhéal de dheimhniú agus fíorú rialúcháin i gcrích i gcomhréir le hamchlár na gClár Trasnáisiúnta agus Idir-réigiúneach agus i gcomhréir le rialacha na gClár. |
| 3. 'Cinntiú go gcuirtear próisis éifeachtúla ghnó le haghaidh críochnú i bhfeidhm le haghaidh Chláir 2007-2013, rudaí a mbeidh uasmhéadú fáltais AE don dá Bhallstát mar thoradh air.' | • Bainistíocht clár críochnaithe sceidealta tionscadail i gcomhréir le riachtanais rialaitheacha agus Clár. |

| Cuspóirí Corparáideacha | Príomhaschuir |
|---|---|
| **4. 'Feidhmíocht ghnó an SEUPB agus a fhoirne a fheabhsú trí chur i bhfeidhm próisis riaracháin éifeachtacha agus éifeachtúla.'** | • Ócáid mhór eolais le haghaidh Chlár PEACE III a dhírigh ar chothú na síochána trí thaibhiú drámatúil agus foirmeacha ealaíne eile, rud a bhí ar siúl in amharclann an MAC i mBéal Feirste ar 2 Meán Fómhair 2014.<br>• Ócáid eolais agus taispeántas mór le haghaidh Chlár INTERREG IVA, ina raibh tionscadail a bhí dírithe ar an gcomhshaol, agus iad ar siúl ag Óstán an Crowne Plaza, Dún Dealgan ar 8 Deireadh Fómhair 2014.<br>• Rinneadh cuid mhaith oibre ar fhorbairt Plean Leanúnachas Gnó agus Plean Téarnamh Ceantair TFC do na trí oifig go léir atá ag an SEUPB in 2014.<br>• Leanadh den infheistíocht san fhoireann i rith 2014 le sraith seimineáir intí den AE a bhain leis na Cláir, agus iad comhordaithe ag an bhfoireann AD. Bhí creidiúnú faighte ag roinnt baill foirne i gcúrsaí oiliúna amhail 'Leibhéal Cleachtóra PRINCE 2' agus an 'Teastas i gCleachtais Imscrúdaitheacha'.<br>• Comhaontaíodh Plean Soláthair Cogiltis Éifeachtúlachta eile chomh maith le haghaidh 2014-2016. |
| **5. 'Forbairt struchtúir agus próisis éifeachtacha riaracháin a chinntiú, agus iad ag éascú chur i bhfeidhm na gclár amach anseo sa tréimhse 2014-2020 i gcomhréir le creata rialaitheacha an AE.'** | • D'ullmhaigh agus sheol an tÚdarás Bainistíochta (ÚB) dréacht-doiciméid Cláir le haghaidh Chláir PEACE IV agus INTERREG VA chuig an gCoimisiún faoin spriocdháta ar 22 Meán Fómhair.<br>• Chomh maith leis sin, thosaigh an ÚB ullmhú Rialacha nua Clár, i gcomhréir le Rialacháin an AE agus thosaigh siad ullmhú an Ráitis Bainistíochta agus Rialúcháin le cur faoi bhráid an AE. |

# Clár PEACE III (2007-2013) Forbhreathnú

Agus é bunaithe in 1995, bhí Clár PEACE cruthaithe ag an Aontas Eorpach mar fhreagra ar na forbairtí dearfacha i bpróiseas síochána Thuaisceart Éireann in 1994. Oibríonn an Clár le dul chun cinn i dtreo sochaí síochánta cobhsaí i dTuaisceart Éireann agus Réigiún na Teorann in Éirinn a threisiú.

Seoladh PEACE III in 2007 agus tá sé dírithe go háirithe ar na tosaíochtaí atá ann athmhuintearas pobal a chothú agus cur le comhshochaí. Tá sé mar aidhm seo a dhéanamh trí chaidrimh dhearfacha a fhorbairt go háitiúil, an t-am atá caite a aithint, comhspásanna poiblí a chruthú agus príomhthoilleadh institiúideach a fhorbairt le haghaidh comhshochaí.

Tá Clár PEACE III tar éis tacú le roinnt tionscadal a úsáideann cruthaitheacht le dul i ngleic leis na fadhbanna seo ar fud an réigiúin. Ar na tionscadail atá i gceist, tá clár 'Building Peace Through the Arts – Re-Imaging Communities', dream a d'oibrigh le grúpaí pobail agus údaráis áitiúla le dul i ngleic le seicteachas agus ciníochas trí chomhairliúchán áitiúil agus teagmháil chruthaitheach.

Rud eile a dhírigh ar fhadhbanna cláir ó dhearcadh cruthaitheach chomh maith ná 'Crows on the Wire', taibhiú drámaíochta a dhírigh ar an aistriú ón RUC go dtí an PSNI trí shúile oifigeach póilín ar leith. Cuireadh leis an léiriú le clár saibhir teagmhála pobail a chruthaigh deiseanna chun eispéireas a chur in iúl agus éisteacht leis maidir le ceisteanna a pléadh sa dráma.

Tá Clár PEACE III tar éis tionchar suntasach réigiúnach a imirt trí thionscadail amhail an 'Cumasóir Tuaithe', rud a d'oibrigh le pobail áitiúla agus institiúidí tuaithe i ngach aon cheann de na sé chontae taobh thuaidh agus theas den teorainn, le dul i ngleic le fadhbanna seicteachais, ciníochais, eisiata shóisialta agus gach sórt eile éagothroime thuaithe.

Agus é seolta ag 'Groundwork NI' in 2009, d'oibrigh an clár 'Reconciling Communities Through Regeneration (RCTR)' i ndeich bpobal chun cáilíocht bheatha a fheabhsú do chónaitheoirí trí rannpháirtíocht fhorghníomhach pobail agus obair áitiúil chothaithe síochána. Bhí sé mar thoradh ar na caidrimh dhearfacha a forbraíodh gur bhain gach pobal leas as tionscadal athnuacha fisicí.

Chuir clár ceannródaíoch 'Communities and Policing in Transition' roinnt deiseanna móra oiliúna, ceardlanna agus seimineáir ar fáil/siúl ar an gcleachtas is fearr maidir leis an gcomhéadan idir póilíneacht agus pobail i dTuaisceart Éireann agus an Réigiún Teorann in Éirinn.

Faoi dheireadh 2014, bhí Clár PEACE III tar éis maoiniú a cheadú d'iomlán 218 tionscadal, ar luach €333.8m. Díríonn na cás-staidéir seo a leanas aird go mionsonraithe ar chuid den obair fhíorthábhachtach a bhfuil Clár PEACE III an Aontais Eorpaigh ag tacú léi.



# 'Startha Scoilte a Mhúineadh'

**Mar fhreagra ar an dúshlán a bhaineann leis an gcaoi is fearr le ceisteanna coinbhleachta a mhúineadh sna scoileanna, cheap 'The Nerve Centre' 'Startha Scoilte a Mhúineadh', tionscadal nuálaíoch trí bliana a thug isteach bealaí nua cuir chuige digiteacha a bhaineann leis an gcuraclam i leith staidéar a dheánamh ar choinbhleacht sna scoileanna i dTuaisceart Éireann, Poblacht na hÉireann agus go hidirnáisiúnta.**

Thairg an tionscadal seo, rud ar bronnadh £469,200 air faoi Chlár PEACE III an AE, thairg sé oiliúint saor in aisce do mhúinteoirí agus thug sé muinín, acmhainní agus scileanna digiteacha in-aistrithe dóibh a bhfuil gá leo chun ceisteanna coinbhleachta a mhúineadh sa seomra ranga.Trí chomhoibriú dlúth le scoileanna agus boird scrúdúcháin ar dhá thaobh na teorann, d'fhorbair foireann an 'Nerve Centre' clár múinteoireachta a úsáideann scannáin, íomhánna digiteacha, beochan, greannáin agus craoladh ar an nGréasán chun scóip an oideachais coinbhleachta a leathnú go hábhair amhail Stair, Béarla, Ealaín, Ceol, Teagasc Críostaí agus Tíreolaíocht do dhaltaí ag Príomhchéimeanna 3 agus 4.

Chuir comhpháirtíocht le Comhairle na Breataine dearcadh níos leithne san áireamh in 'Startha Scoilte a Mhúineadh' agus tugadh cuairteanna tionscadail ar thíortha amhail an Afraic Theas, Siarra Leon, an India agus an Liobáin, in éineacht le comhpháirtíocht nua le Tír na mBascach. Tá daltaí sna tíortha sin ag foghlaim faoin gcoinbhleacht i dTuaisceart Éireann mar thús eolais ar dhíriú ar cheisteanna coinbhleachta ina dtíortha féin agus roinneadh freagraí cruthaitheacha ar oideachas coinbhleachta go digiteach go hidirnáisiúnta.

**Má tá tuilleadh eolais uait ar 'Startha Scoilte a Mhúineadh', tabhair cuairt ar www.nervecentre.org/teachingdividedhistories, le do thoil**



# ‘Fócas Géarr - An Scoilt a Thrasnú’

**Thug ‘Fócas Géarr – An Scoilt a Thrasnú’ ceithre ghrúpa daoine óga le chéile agus iad 14-18 mbliana ó Thuaisceart Éireann agus Réigiún na Teorann in Éirinn, in éineachtle scannnóirí gairmiúla chun ceithre ghearrscannán a dhéanamh faoi oidhreacht na coinbhleachta.**

Agus é bainistithe ag an ‘Calipo Theatre and Picture Company’ i nDroichead Átha, fuair an tionscadal maoiniú €620,261 ó Chlár PEACE III an AE agus d’oibrigh sé le rannpháirtithe ó Ionaid Ban na Seanchille agus Bhóthar na bhFál i mBéal Feirste, Drámaíocht Óige Mhuineacháin agus Tionscadal Óige Craobh Rua i nDún Dealgan.

Trí chomhoibriú a dhéanamh le comhpháirtí trasteorann Calipo i mBéal Feirste, is é sin, Ionad Ban na Seanchille, agus i gcomhar le ‘WAVE Trauma Centre and Healing Through Remembering’, rinne taighdeoir Calipo obair chuimsitheach iniúchta a chuimsigh agallaimh a bhí déanta ag éascaitheoirí agus rannpháirtithe tionscadail le híospartaigh agus marthanóirí na coinbhleachta.

Bhí sraith ceardlanna réamhbhlaiste drámaíochta le grúpaí daoine óga ar dhá thaobh na teorann curtha ar siúl, agus roinnt seisiún cónaitheach ina ndiaidh, nuair a d’oibrigh rannpháirtithe an tionscadail le scríbhneoirí scáileáin gairmiúla chun a scripteanna scannáin féin a cheapadh, a chleachtadh agus a léiriú, agus iad spreagtha ag na fíorscéalta a bhí roinnte acu.

Phléigh an grúpa ceisteanna agus téamaí bainteacha ina scripteanna le cúnamh scannánóirí gairmiúla agus áiteanna molta scannánaíochta ina bpobail, áiteanna a bhfuil éifeachtaí na coinbhleachta le feiceáil go fóill go minic.

Taispeánadh na ceithre scannán a bhí léirithe ag Sharp Focus – *Collusion, Forget Me Nots, Melter agus Escape Plans* – taispeánadh iad den chéad uair i bPictiúrlann an Lighthouse i mBaile átha Cliath agus taispeánadh iad chomh maith ag Ionad an Waterfront i mBéal Feirste mar chuid d’fhéile scannán na cathrach sin. Tugadh na scannáin ar cuairt ar fud Thuaisceart Éireann agus Contaetha theas na Teorann ansin le bheith curtha ar taispeáint in 12 ionad i bpictiúrlann shoghluaiste Cinemobile agus tá tuilleadh pleananna leis na scannáin a roinnt agus eispéireas an ghrúpa ar an bpróiseas a scaipeadh.

**Má tá tuilleadh eolais uait ar ‘Fócas Géarr – An Scoilt a Thrasnú’, tabhair cuairt ar www.calipo.ie le do thoil**




# ‘Cuntais ar an gCoinbhleacht’

**Agus é forbartha ag an Institiúid Idirnáisiúnta Taighde ar Choinbhleacht (INCORE) ag Ollscoil Uladh, is éard is ‘Cuntais ar an gCoinbhleacht’ ann ná tionscadal buan cartlannaithe dhigitigh a choimeádfaidh cuntais phearsanta ar an gcoinbhleacht i dTuaisceart Éireann do na glúine amach anseo tríd an gcleachtas cartlainne is fearr.**

Ligeann an tionscadal seo, rud a fuair maoiniú £948,509 ó Chlár PEACE III an AE, ligeann sé d’úsáideoirí eolas a chuardach ar thionscadail scéalaíochta ón am atá caite agus ón am i láthair faoin gcoinbhleacht is féidir a chur i dtaisce sa chartlann.

Tá sé mar aidhm ag ‘Cuntais ar an gCoinbhleacht’ tacú le scéalaithe aonair agus leo siúd a bhainistíonn bailiúcháin scéalaíochta trí láthair oibiachtúil a chur ar fáil do chur i láthair scéalta pearsanta na coinbhleachta.

Pléann an acmhainn dhigiteach seo atá ar fáil don phobal ina bhfuil scéalta agus teistiméireachtaí ar choinbhleacht Thuaisceart Éireann i gclosfhormáidí, formáidí físiúla agus téacs, pléann sí le scéalta pearsanta réimse leathan daoine éagsúla a ndeachaigh coinbhleacht Thuaisceart Éireann i bhfeidhm orthu ar bhealaí éagsúla le cuid mhaith blianta anuas.

**Tá ‘Cuntais ar an gCoinbhleacht’ de chuid INCORE ar fáil ag www.ulster.ac.uk/accounts**




# 'Iarsmalanna na **hOidhreachta Oráistí'**

**Tá maoiniú faighte ag dhá ionad nua léirmhíniúcháin a chuireann an Institiúid Oráisteach chun cinn agus a fuair maoiniú ó Chlár PEACE III an AE, agus tabharfar 'Iarsmalanna na hOidhreachta Oráistí' orthu go foirmiúil.**

Maoiníodh na háiseanna nua ag Teach Schomberg, Béal Feirste agus Teach Sloan, Loch gCál trí Thionscadal REACH (Síneadh Amach trí Oideachas agus Oidhreacht Chultúrtha)', rud a fuair £3.6 milliún ó Chlár PEACE III an AE.

Cuimseoidh athfhorbairt cheanncheathrú na hInstitiúide ar Bhóthar na Creagaí iarsmalann ina léireofar lear mór rudaí agus iarsmaí a bhaineann le stair an Oráisteachais ar fud an domhain. Cuimseoidh an síneadh seo áis taighde agus acmhainn oideachais, le béim ar leith ar chuairteanna scoileanna agus trasphobail.

Cuimseoidh athchóiriú Theach Sloan, áit ar síníodh na chéad bharántaí Oráisteacha breis is 200 bliain ó shin, cuimseoidh sé síneadh le freastal ar limistéar taispeántais breise iarsmalainne agus chun eolas mionsonraithe a chur ar fáil madir le stair luath an Oird Oráistigh.

Táthar ag súil leis go n-osclóidh an dá áis ag deireadh 2015, agus iad ag tabhairt léargas uathúil gan fasach ar an stair agus cultúr Oráisteach.

**Má tá tuilleadh eolais uait ar 'Iarsmalanna na hOidhreachta Oráistí', tabhair cuairt ar www.orangeheritage.co.uk/ le do thoil**



Gearrcach pilibín, éan atá ar na speicis a bhain tairbhe as tionscadal 'HELP' an CREC (RSPB), rud a bhí maoinithe ag Clár de chuid INTERREG IVA.

# Clár INTERREG IVA (2007-2013)
# Forbhreathnú

Agus luach iomlán €256 milliún air, féachann Clár INTERREG IVA do Thuaisceart Éireann, Réigiún na Teorann agus Iarthar na hAlban le dul i ngleic leis na fadhbanna eacnamaíocha agus sóisialta a bhíonn mar thoradh ar theorainneacha agus le comhoibriú trasteorann a chur chun cinn.

In éineacht le Fiontraíocht, Comhoibriú Earnála Poiblí, an Timpeallacht agus an Bonneagar, tá Turasóireacht ar na príomhthéamaí de Chlár INTERREG IVA. Is é cuspóir an téama dheireanaigh seo ná cabhrú le forbairt acmhainneacht turasóireachta an réigiúin agus tacú le tionscnaimh a dhéanfaidh éagsúlú ar dhíolta spéise turasóireachta áitiúla.

Agus é maoinithe faoi INTERREG IVA, féachann tionscadal 'Gobbins agus Shliabh Liag' le dhá dhíol spéise mhóra tuarasóireachta a chruthú a bheidh mar phríomhphointí le hacmhainneacht turasóireachta chósta Thuaisceart Éireann agus chósta Thuaidh na hÉireann a fheabhsú.

Déanfaidh forbairt Gobbins athchóiriú ar chuid den chonair stairiúil chósta agus ionad nua do chuairteoirí a thógáil, fad is a fhorbróidh gné Shliabh Liag den tionscadal plean bainistíochta cuairteoirí, chomh maith le feabhsú a dhéanamh ar an teacht ar na príomhbhealaí ar fud an tsléibhe agus an suíomh a chur chun cinn tuilleadh mar cheann scríbe cnocadóireachta.

Agus é mar chuspóir turasóireacht inbhunaithe a chur ar fáil in áiteanna iargúlta trasteorann, cruthóidh tionscadal 'Tailte Arda' teacht allamuigh a bhfuil gá leis ar fáil, in éineacht le bonneagar caithimh aimsire agus fóillíochta i dtailte arda scéimhiúla Fhear Manach, an Chabháin, Liatroma agus Shligigh.

Táthar tar éis díriú ar thurasóireacht mhuirí chomh maith le Clár INTERREG IVA le 'Sail West (Malin Waters)', rud a nascann Iar-Thuaisceart na hÉireann, Tuaisceart Éireann agus Iarthar na hAlban chun straitéis chomhtháite forbartha fóillíochta muirí a chruthú. Agus infheistíocht á soláthar aige i mbonneagar nua muirí, beidh tionchar fadtéarmach ag an tionscadal seo ar dhíolta spéise turasóireachta ar fud an cheantair incháilithe.

Agus é ag cuimsiú deich n-údarás áitiúil ar dhá thaobh na teorann, tá Comhpháirtíocht Réigiún Thoir na Teorann tar éis 'Plean Forbartha Turasóireachta RTT' a chruthú, clár straitéiseach gníomhaíochta a fhéachann le turasóireacht a fhorbairt ar fud Réigiún Thoir na Teorann. Dhírigh an tionscadal ar an timpeallacht nádúrtha a chosaint, táirgí nua turasóireachta a fhorbairt agus na cinn reatha a neartú, chomh maith le margaíocht agus seirbhísiú cuairteoirí a fheabhsú.

Faoi dheireadh 2014, bhí Clár INTERREG IVA tar éis maoiniú a thabhairt d'iomlán 88 tionscadal, ar luach €256m. Díríonn na cás-staidéir seo a leanas aird go mionsonraithe ar chuid den obair a bhí tacaithe trí Chlár INTERREG IVA an Aontais Eorpaigh.




# ‘Ionad Nuálaíochta Pháirc Eolaíochta **Réigiúnach an Iar-Thuaiscirt’**

**Tá Páirc Eolaíochta Thuaisceart Éireann tar éis a ceanncheathrú i nDoire a oscailt go hoifigiúil ag an Ionad Nuálaíochta nua saintógtha ag Fort George sa chathair.**

Beidh Páirc Eolaíochta Réigiúnach an Iar-Thuaiscirt, rud a fuair maoiniú £12,051,825 ó Chlár INTERREG IVA an AE, beidh sí mar bhonn ag obair na Páirce Eolaíochta ar fud Thuaisceart agus Iarthar na hÉireann agus treiseoidh sí comhpháirtíocht trasteorann le hInstitiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn (ITLC).

Cuireann an Pháirc 50,000 troigh chearnach de spás oibre solúbtha ar fáil cois Feabhail, ar shuíomh seanbheairice den arm. Tá a hIonad

**Má tá tuilleadh eolais uait ar ‘Pháirc Eolaíochta Réigiúnach an Iar-Thuaiscirt’, tabhair cuairt ar www.nisp.co.uk/north-west/ le do thoil.**



# ‘Tionscadal Stoptha Caillteanas Comhshaoil **(HELP)**’

**Mar fhreagra ar an laghdú tromchúiseach ar líon na lapairí pórúcháin i dTuaisceart Éireann, Dún nan Gall agus Iarthar na hAlban, chruthaigh an RSPB ‘Tionscadal Stoptha Caillteanas Comhshaoil’ (HELP), rud a fuair maoiniú £1,485,689 ó Chlár INTERREG IVA an AE.**

Cuireann Oifigigh Tionscadail ó ‘HELP’ comhairle bhainistíochta gnáthóg ar fáil do bhreis is 300 feirmeoir agus chuir siad 30 ócáid oiliúna ar fáil d’fheirmeoirí agus oifigigh ó ghníomhaireachtaí reachtúla. Mar thoradh díreach ar an bearta seo, tá feirmeoirí ag gearradh luachra, ag díriú ar innilt, ag baint scrobarnaí agus ag cruthú linnte éadoimhne agus limistéir lábacha inar féidir le gearrcaigh a bheith ag ithe.

Tá an obair bhainistíochta gnáthóg seo tar éis a bheith go mór chun tairbhe fialdhúlra eile, amhail an bhumbg bhuí mhór, an cúilín gaelach, an fritileán réisc, agus an goirmín corránach.

In éineacht le gnáthóga a athbhunú d’éin agus speicis choimhdeacha plandaí agus ainmhithe eile, baineann tairbhí inláimhsithe eacnamaíocha leis an tionscadal chomh maith. Tá cuairteoirí a bhíonn tarraingthe chuig tírdhreacha nádúrtha na n-oileán iarghúlta amach ó chósta thiar na hAlban in ann tuilleadh a fhoghlaim faoin tírdhreach, fad is a chuireann siad leis an ngeilleagar tuaithe iargúlta

**Má tá tuilleadh eolais uait ar ‘HELP’, tabhair cuairt ar bit.ly/1Ctxfvk le do thoil.**




# ‘Ionad na hAlban um Éiceolaíocht agus an Timpeallacht Nádúrtha **(SCENE)**’


**Agus é suite cois Loch Laomainn, tá ‘SCENE’ ar an bpríomhionad in Alban le haghaidh taighde éiceolaíoch allamuigh. Bhain an t-ionad leas le déanaí as síneadh teagaisc úrscothach ar luach £3m, rud a bhí maoinithe ag síntiúis an phobail agus clár INTERREG IVA an AE.**

Cuimsíonn an síneadh léachtlann, saotharlann teagaisc, stórais speisialtóra agus cóiríocht nua do 45 mac léinn agus múinteoir. Bhí na háiseanna tacaithe ag maoiniú ó thionscadal de chuid INTERREG IVA darb ainm ‘IBIS (Bainistíocht Chomhtháite Acmhainní Uisceacha in Éirinn, Tuaisceart Éireann agus Albain)’, rud ar comhoibriú ar luach £8m é le hOllscoil na Banríona, Béal Feirste, agus Gníomhaireacht na Lochanna. Tá an tionscadal ag obair chun acmhainní uisceacha a chosaint ar fud an réigiúin.

Ciallaíonn an teacht atá ag ‘SCENE’ ar thimpeallachaí cianaosta uisceacha agus talún Loch Laomainn go bhfuil sé sármhaith le haghaidh taighde, teagasc agus oiliúint san éiceolaíocht agus eolaíocht chomhshaoil. Oibríonn taighdeoirí na háise ar éiceachórais talún agus fionnuisce agus díríonn siad ar cheisteanna bunúsacha agus feidhmeacha san éiceolaíocht, bitheolaíocht éiceolaíoch, fiseolaíocht agus éiceolaíoch galar.

Baineann an áis leas chomh maith as saineolas eolaithe ó Institiúid Bithéagsúlachta, Sláinte Ainmhithe agus Leigheas Comparáideach Ollscoil Ghlaschú, rud atá mar chuid den Choláiste Leighis, Eolaíochtaí Tréidliachta agus Beatha.

**Má tá tuilleadh eolais uait faoi ‘SCENE’, tabhair cuairt ar bit.ly/1JDMOGK le do thoil**



# Tionscadail Iarnróid **Trasteorann**

**Bronnadh tuairim is €21.45m de mhaoiniú ar dhá thionscadal iarnróid trasteorann ar leith a fheabhsóidh bonneagar iompair an réigiúin go mór ar bhonn trasteorann. Agus iad tacaithe trí Chlár INTERREG IVA an Aontais Eorpaigh, tá an dá thionscadal le bheith críochnaithe in 2015.**

Leithdháileadh £12.2m de mhaoiniú ar uasghrádú mór ar sheirbhís 'Enterprise' ó Bhéal Feirste go Baile Átha Cliath. Cuimseoidh sé ollchóiriú ar chórais mheicniúla na traenach, codanna inmheánacha nua, libhré nua, athsholáthar an Chórais Faisnéise do Phaisinéirí agus córais úrnua áirithintí leictreonacha do phaisinéirí agus TCI (CCTV).

Bronnadh breis is €6m ar athchóiriú mór Tharbhealach Dhroichead Átha. Agus é tógtha in 1885, tacaíonn an tarbhealach le príomhlíne iarnróid Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste agus is gá infheistíocht tosaíochta a dhéanamh air le cinntiú go leanfaidh sé d'oibriú go héifeachtúil go fadtéarmach.

# INTERREG IVB & IVC
## (Trasnáisiúnta agus Idir-Réigiúnach)

**Leanann an SEUPB de phríomhról a imirt in éascaú rannpháirtíochta Thuaidh/Theas i gCláir Thrasnáisiúnta agus Idir-Réigiúnacha (mar atá, INTERREG IVB agus IVC). Cuireann sé an Chéad Leibhéal Rialúcháin i bhfeidhm do Chomhpháirtithe uile Thuaisceart Éireann atá ag obair sna Cláir seo.**

Ag deireadh 2014, bhí iomlán €10.9m ó Chiste Forbartha Réigiúnach na hEorpa leithdháilte ar chomhpháirtithe TÉ do thionscadail de chuid INTERREG IVB agus IVC.

# INTERREG VB & VC
## (Trasnáisiúnta agus Idir-Réigiúnach)

**Leanadh d'fhorbairt Cláir nua INTERREG VB agus VC i rith 2014, agus an SEUPB ag glacadh le ról Pointe Teagmhála Réigiúnach do Chlár an Imill Thuaisceartaigh agus an Artaigh (ITA) agus mar phointe eolais le haghaidh na gclár eile Trasnáisiúnta agus Idir-réigiúnach i dTuaisceart Éireann.**

Chabhraigh an SEUPB le forbairt na gClár nua trí chomhairliúcháin phoiblí, seimineáir eolais, ceardlanna agus cúnamh leanúnach d'iarratasóirí féideartha le forbairt a dtionscadal.

Sheol Clár an ITA a Chéad Ghlao ar Iarratais i Meán Fómhair 2014 agus chuir roinnt comhpháirtithe ó Thuaisceart Éireann agus Réigiún na Teorann in Éirinn iarratais isteach ar mhaoiniú. Chuimsigh tionscadail a seoladh chuig an gClár réimsí amhail fiontraíocht na n-óg, cúnamh do na tionscail chruthaitheacha agus don chomhshaol. Ghlac Coimisiún an AE leis an gClár i Nollaig 2014.

Mar fhreagra ar fhoilsiú an dréacht-Chláir Comhoibrithe ó Chlár nua Iar-Thuaisceart na hEorpa, 2014-2020, d'eagraigh an SEUPB Seimineár Eolais i Samhain 2014 ar fhreastail 59 duine air ó Thuaisceart Éireann agus Réigiún na Teorann in Éirinn. Chabhraigh an SEUPB chomh maith le roinnt tionscadal i bhforbairt a dtograí roimh an gCéad Ghlao ar Iarratais in 2015.

Chuir an SEUPB Cláir nua INTERREG VB agus VC chun cinn ag ócáidí agus ceardlanna éagsúla, agus tríd an nuachtlitir *InterREGIONAL* agus iris Your EU! .

# An Teachtaireacht a Chur in Iúl



## Gníomhaíocht Mhór Eolais – Clár PEACE III

Reáchtáil an SEUPB comhdháil mhór i Meán Fómhair ag an MAC i mBéal Feirste chun aird a dhíriú ar obair Chlár PEACE III agus chun aghaidh a thabhairt ar sheoladh Chlár nua PEACE 2014-2020.

D'fhreastail iomlán 120 toscaire ar an ócáid, agus ba é an téama a bhain leis ná 'Eispéireas na Coinbhleachta a Roinnt agus a Thuiscint' agus léiríodh cuid d'obair na Mar chuid den ócáid, tugadh deis do na toscairí tuilleadh a fhoghlaim chomh maith faoi na tosaíochtaí beartaithe caiteachas atá ag Clár nua PEACE le haghaidh 2014-2020. Cuimsíonn siad seo tacaíocht do chomhthionscnaimh oideachais; fócas athnuaite ar thacaíocht do dhaoine óga; cúnamh leanúnach do thionscadail 'comhspáis'; agus tacaíocht do chruthú 'sochaí sibhialta' níos cuimsithí.

## Gníomhaíocht Mhór Eolais – Clár INTERREG IVA

Bhí cuid de na tionscadail comhshaoil trasteorann is suntasaí agus is nuálaíche atá maoinithe ag Clár INTERREG IVA an AE, bhí siad curtha ar taispeáint ag comhdháil mhór phoiblí i nDún Dealgan i nDeireadh Fómhair 2014, rud a bhí curtha i láthair ag an láithreoir teilifíse comhshaoil Éanna Ní Lamhna (RTÉ) agus bhí an bitheolaí muirí, scríbhneoir agus craoltóir Monty Halls (BBC) mar phríomhchainteoir.

Agus é dar teideal 'Sharing Borders, Growing Closer', mheall an ócáid 200 toscaire agus rinneadh cur i láthair ar chaomhnú an Diúilicín Péarla Fionnuisce; nuálaíocht i gcóireáil an truaillithe orgánaigh, taighde agus forbairt le haghaidh táirgí fuinnimh in-athnuaite agus teicneolaíochtaí inbhuanaithe; gnáthóga a fheabhsú do speicis éin atá i mbaol agus acmhainní uisceacha a chosaint I dTuaisceart Éireann, Réigiún na Teorann in Éirinn agus Iarthar na hAlban.

In éineacht leis na nithe a cuireadh i láthair ag an gcomhdháil, chuir 'Sharing Borders, Growing Closer' taispeántas idirghníomhach de 11 tionscadal comhshaoil atá maoinithe ag an AE i láthair chomh maith, rud a thug deis do na toscairí líonrú a dhéanamh le hionadaithe tionscadail ó gach réimse de Chlár INTERREG.

## Cuairt toscaireachta ó Choiste Forbartha Réigiúnaí Pharlaimint na hEorpa

Ar 27 Márta, tugadh cuireadh don SEUPB bualadh le agus cur i láthair a dhéanamh do thoscaireacht ó Choiste Forbartha Réigiúnaí Pharlaimint na hEorpa i bPort Láirge.

Ba é aidhm chuairt na toscaireachta ná a fháil amach cén tairbhe a bhaineann Éire as maoiniú Forbartha Réigiúnaí. Fuair siad forbhreathnú ar chláir thrasteorann PEACE agus INTERREG agus d'éist siad le hionadaithe ó Chlár 'bRIC (Caidrimh a Chothú i bPobail)' agus thionscadal suirbhéireachta geolaíche 'Tellus Border'.

## Seimineár Domhanda Salzburg - 'Nuálaíocht le haghaidh Comhtháthú Réigiúnach agus Fás Cliste'

Tugadh cuireadh don SEUPB i mBealtaine páirt a ghlacadh i 'Mind the Gap! Innovating for Regional Cohesion and Smart Growth', ócáid ag Seimineár Domhanda Salzburg. Dhírigh an ócáid ar phríomhdhúshláin Pholasaí an Aontais Eorpaigh um Chomhtháthú, 2014-2020, rud atá tar éis €350 billiún a chur ar fáil le bheith infheistithe i réigiúin, cathacha agus fíorgheilleagar na hEorpa.

Thar thréimhse ceithre lá, dhírigh an ócáid ar cheisteanna amhail iomaíochas Eorpach, an t-athrú go geilleagair ísealcharbóin, ról cathracha inbhuanaithe agus nuálaíocht le haghaidh comhtháthú réigiúnach agus fás cuimsitheach.

Ar na cainteoirí a bhí ag an ócáid, bhí Johannes Hahn, an Coimisinéir Eorpach um Polasaí Réigiúnach agus an Dr. Ronald Hall, Príomhchomhairleoir an Ard-Stiúrthóra, DG REGIO.

I measc na rannpháirtithe a bhí ann, bhí saineolaithe ar pholasaí na hEorpa um chomhtháthú, polaiteoirí agus oifigigh náisiúnta agus réigiúnacha, lenar áiríodh ionadaithe ó chathracha móra a bhfuil dúshláin ar leith rompu maidir le comhtháthú.

Rinneadh comparáid idir tionscadail agus meicníochtaí praiticiúla a chuir torthaí rathúla ar fáil d'iomaíochas agus fás cuimsitheach san Eoraip agus níos faide anonn ag an ócáid d'fhonn uirlisí inaistrithe a aithint agus páirtithe leasmhara atá ar thús cadhnaíochta in obair úrscothach ar fud an domhain a cheangal.

## Cuairt toscaireachta ón gCóiré ar Bhaile Átha Cliath

Tugadh cuireadh don SEUPB go Baile Átha Cliath i nDeireadh Fómhair le bualadh le toscaireacht ón Aireacht um Aontú sa Chóiré. Thug an toscaireacht cuairt ar Éirinn d'fhonn leanúint den phróiseas teagmhála faoi cheachtanna a foghlaimíodh i rith phróiseas na síochána – agus suim ar leith curtha sna comhlachtaí Thuaidh-Theas - rud a thosaigh nuair a bhí an SEUPB mar chuid de thoscaireacht roimhe sin a thug cuairt ar Shúl, rud a bhí eagraithe ag Ambasáid na Cóiré i mBaile Átha Cliath.

## Cuairt ar Thír na mBascach

Tar éis na cuairte tosaigh ar Thuaisceart Éireann ag toscaireacht ó Thír na mBascach i Márta 2014, rud a bhí curtha i láthair ag an SEUPB i Márta 2014, tugadh cuireadh don SEUPB cuairt fillte go Tír na mBascach a eagrú i nDeireadh Fómhair, le leanúint de phlé agus malartú maidir le gnéithe éagsúla de Chláir PEACE.

Bhí suim ar leith ag Rialtas Thír na mBascach tuilleadh a fhoghlaim faoi thaithí an SEUPB i réimsí na nÍospartach, Óige, Oideachais, Ath-Imeasctha agus Nuálaíochta. Tharla an chuairt tosaigh mar thoradh ar chomhdháil an SEUPB sa Bhruiséil in 2013 ag ar dhearbhaigh an eagraíocht a dtiomantas arís plé le réigiúin ar bith a bhfuil suim acu ceachtanna na gClár a fhoghlaim.



Ardchros Dhún Pádraig, rud atá 1100 bliain d’aois agus a athchóiríodh go hiomlán i dtionscadal a bhí páirtmhaoinithe ag Clár INTERREG IVA an AE agus beidh sí ar taispeáint go feiceálach i ndánlann nuathógtha d’Oidhreacht Chríostaí in Iarsmalann Contae an Dúin i nDún Pádraig.

# **Cuntais**
## na Bliana Dar Críoch 31 Nollaig 2014

## Réamhrá na gCuntas

**Eolas Cúlra**
Is Comhlacht Forfheidhmithe Thuaidh Theas é an Foras um Chláir Speisialta an AE (SEUPB) atá urraithe ag an Roinn Airgeadais agus Pearsanra i dTuaisceart Éireann agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in Éirinn. Bhí an SEUPB bunaithe ar 2 Nollaig 1999 faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta 1998 agus an Comhaontú Briotanach-Éireannach lenar bunaíodh na Comhlachtaí Forfheidhmithe, rudaí a bhfuil an tOrdú um Chomhoibriú Thuaidh Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus an tAcht um an gComhaontú Briotanach-Éireannach 1999 mar bhonn agus taca acu. Agus iad ag tuairisciú don Chomhairle Airí Thuaidh/Theas, is iad príomhfheidhmeanna an SEUPB ná Cistí Struchtúrtha áirithe den AE a riar, amhail PEACE agus INTERREG agus tacú dá réir le réimse cláir forbraíochta agus athnuachana i dTuaisceart Éireann, Réigiún Teorann na hÉireann agus Iarthar na hAlban.

Ullmhaíodh na cuntais seo i gcomhréir le:

- Na socruithe airgeadais de Chuid 7 d'Aguisín 2 den Chomhaontú Briotanach-Éireannach a bhunaigh na Comhlachtaí Forfheidhmithe;
- Treoir ón Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, mar a fhoráiltear i Meamram Airgeadais an SEUPB; agus
- An Treoir ar Tuarascáil agus Cuntais Bhliantúla atá curtha ar fáil ag an Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

**Forbhreathnú Gnó**
Tá forbhreathnú ar ghníomhaíochtaí agus forbairtí an SEUPB amach anseo tugtha sa Tuarascáil Bhliantúil.

Tugann an SEUPB dá n-aire go bhfuil deacrachtaí leanúnacha leis an staid bhuiséadach i dTuaisceart Éireann i mbliain airgeadais 2015/2016 agus leanann siad de mhonatóireacht a dhéanamh ar an gcás i gcomhthéacs tacaíocht airgeadais na Roinne don eagraíocht agus do na Cláir.

**Ioncam agus Caiteachas na Bliana**
Tá ioncam agus caiteachas Fhoras Chláir Speisialta an AE leagtha amach go mionsonraithe ar leathanach 33. Ba é barrachas na bliana ná €nialas (Stg £nialas) - 2013: €0.2k (Stg £0.2k).

**Sócmhainní Seasta**
Tá sonraí ghluaiseacht na sócmhainní seasta leagtha amach i Nóta 8 de na cuntais. Ba é an príomhchaiteachas ar shócmhainní seasta i rith na bliana ná caiteachas ar chrua-earraí agus bogearraí TF.

**Taighde agus Forbairt**
Ní dhearnadh aon chaiteachas suntasach sa réimse seo.

**Teagmhais Thábhachtacha a Tharla Tar Éis Dheireadh na Bliana**
Níor tharla aon teagmhais thábhachtacha ó dheireadh na bliana a chuaigh i bhfeidhm ar na Cuntais seo.

### Síntiúis Charthanacha

Níor thug Foras Chláir Speisialta an AE síntiúis charthanacha ar bith i rith na bliana airgeadais.

### Comhaltaí Boird

Bíonn feidhmeanna an SEUPB á gcleachtadh ag an bPríomhfheidhmeannach. Níl comhaltaí boird ar bith ann.

Níl aon stiúrthóireachtaí ná leasanna eile ag an bPríomhfheidhmeannach a thiocfadh salach ar a fhreagrachtaí bainistíochta.

### Íocaíochtaí le Soláthraithe

Tá an Foras um Chláir Speisialta an AE tiomanta íoc go pras as billí earraí agus seirbhísí a fhaightear i gcomhréir le hAcht an RA um Íocaíocht Dhéanach Fiacha Tráchtála (Ús), 1998, mar a leasaíodh leis na Rialacháin um Íocaíocht Dhéanach Fiacha Tráchtála 2013, agus Rialacháin na hÉireann um Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála, 2013. Ach amháin má luaitear a mhalairt sa chonradh, bíonn an íocaíocht dlite taobh istigh de 30 nó 45 lá, de réir mar is cuí, tar éis do na hearraí nó seirbhísí a bheith faighte, nó tar éis do shonrasc bailí nó éileamh comhchosúil a bheith faighte, nó cibé is déanaí.

Oibríonn an SEUPB riail 30 lá maidir le híocaíocht phras ar fud a oifigí go léir, beag beann ar an dlínse óna dtagann na billí. Fuair athbhreithnithe rialta a rinneadh chun tomhas a dhéanamh ar a thapúla is a íocann an Foras um Chláir Speisialta an AE a bhillí, fuair siad amach gur íocadh 99.8% (2013 – 98.3%) de na billí taobh istigh den sprioc seo.

Dúradh le Comhlachtaí Poiblí i Nollaig 2008 tacú le gnóthaí trí gach iarracht a dhéanamh íocaíochtaí a dhéanamh le soláthraithe taobh istigh de 10 lá tar éis do shonrasc bailí a bheith faighte (2013: 78%). D'íoc an SEUPB 90% dá sonraisc taobh istigh de 10 lá.

Tá an SEUPB tar éis gabháil do Théarmaí agus Coinníollacha maidir le hÍocaíocht Deontais le Ranna Cuntasacha d'fhonn íocaíochtaí a dhéanamh le tionscadail tríd an Aonad Láraithe Íocaíochta. Tugann sé seo ar an SEUPB íocaíochtaí a dhéanamh le tionscadail taobh istigh de 8 lá oibre tar éis d'éileamh bailí a bheith faighte. Baineadh seo amach le haghaidh 96.40% (2013 - 96.39%) de na híocaíochtaí a rinneadh i rith na bliana, agus iad anailísithe mar seo a leanas:

| | Líon na Sonrasc | % de réir sprice | Íocaíochtaí déanacha |
|---|---|---|---|
| PEACE III | 1,099 | 97.00% | 33 |
| INTERREG IVA | 817 | 95.60% | 36 |
| Iomlán | 1,916 | 96.40% | 69 |

### Polasaí Sláinte agus Sábháilteachta

Tá Polasaí scríofa Sláinte agus Sábháilteachta forbartha ag an SEUPB agus tá sé dáilte acu ar an bhfoireann go léir. Léiríonn an polasaí na riachtanais dlí is gá a chomhlíonadh maidir le sláinte agus sábháilteacht sa dá dhlínse chun gur féidir leis an SEUPB ardchaighdeán sláinte agus sábháilteachta a bhaint amach san eagraíocht.

## Fostaithe faoi Mhíchumas

Is ráiteas é Plean Gníomhaíochta an SEUPB um Míchumas faoi thiomantas na heagraíochta a hoibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh i gcomhréir le hAlt 49A den Acht um Leithcheal Míchumais, 1995.

Déanann an plean cur síos ar bhearta a dhéanfaidh an SEUPB le cinntiú go mbaintear comhionannas deise amach, ní hamháin dá fhostaithe féin ach d'iarratasóirí agus fostaithe amach anseo chomh maith.

Tá an SEUPB tiomanta caitheamh le gach ball foirne nó iarratasóir fostaíochta atá faoi mhíchumas le dínit agus meas agus cuirfidh sé timpeallacht oibre ar fáil atá saor ó leithcheal mídhleathach, íospairt nó ciapadh mar gheall ar mhíchumas.


Beidh sé mar aidhm ag an SEUPB go háirithe:

- Timpeallacht dhearfach oibre a chur chun cinn ina nglactar go réidh le daoine faoi mhíchumas;
- Scrúdú a dhéanamh ar an timpeallacht agus cleachtais oibre le cinntiú go mbaintear bacainní a théann i bhfeidhm ar chumas baill foirne faoi mhíchumas páirt iomlán a ghlacadh i saol an SEUPB, pé áit ar féidir;
- Timpeallacht shábháilte oibre a chur ar fáil;
- Forbairt scileanna agus acmhainneacht na foirne faoi mhíchumas a chinntiú, trí oiliúint agus forbairt foirne; agus
- Teacht ar an réimse iomlán deiseanna earcaíochta agus forbartha gairm bheatha a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas.

Síneadh an Plean reatha Gníomhaíochta um Míchumas chun an tréimhse go dtí deireadh 2014 a chuimsiú, le ligean do chomhairliúchán a bheith déanta ag tús 2015 ar Phlean athmheasta Gníomhaíochta um Míchumas chun an tréimhse ó 2015-2016 a chuimsiú. Dá bharr sin, cuirfear an Plean i gcomhréir leis na gealltanais straitéiseacha i leith ceisteanna míchumais atá san áireamh inár bPlean Corparáideach trí bliana 2014-2016 tar éis an chomhairliúcháin.

## Rannpháirtíocht na bhFostaithe

Tá na fostaithe á gcoinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí trí mhodhanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla agus tá roinnt tionscnamh curtha i gcrích maidir leis an bpolasaí earcaíochta; soláthar oiliúna; bainistíocht áitreabh agus áiseanna.



**PAT COLGAN**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
18 Meitheamh 2015

# Ráiteas faoi fhreagrachtaí

Tá an Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe tar éis treoir a thabhairt don SEUPB ráiteas cuntas a ullmhú maidir le gach bliain dar críoch 31 Nollaig i bhfoirm agus ar an mbonn atá leagtha amach sa treoir cuntas ag an aguisín a ghabhann leis na ráitis airgeadais seo.

Ullmhaítear na cuntais ar bhonn fabhraithe agus caithfidh siad dearcadh ceart agus cóir a thabhairt ar staid ghnóthaí an SEUPB ag deireadh na bliana agus ar a ioncam agus a caiteachas, iomlán na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta, agus sruthanna airgid le haghaidh na bliana féilire.

Agus na cuntais á n-ullmhú acu, caithfidh an SEUPB:

- Cloí leis an treoir cuntas atá eisithe ag na Ranna Urraitheora, lena n-áirítear na riachtanais bhainteacha chuntasaíochta agus nochta, agus polasaithe chuntasaíochta a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh ar bhonn réasúnta;
- Lua cé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin infheidhmithe chuntasaíochta agus imeachtaí ábhartha ar bith sna ráitis airgeadais a nochtadh agus a mhíniú; agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach amháin má tá sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an SEUPB dá oibriú.

Tá freagrachtaí an Phríomhfheidhmeannaigh mar Oifigeach Cuntasaíochta an SEUPB, lena n-áirítear freagracht as cuibheas agus rialtacht an airgeadais phoiblí agus as taifid chuí a choinneáil, tá siad leagtha síos sa mheamram airgeadais.

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

**Scóip freagrachta**

Agus mé mar Oifigeach Cuntasaíochta, tá freagracht orm as córas ceart rialaithe inmheánaigh a choinneáil agus é ag tacú le baint amach polasaithe, aidhmeanna agus cuspóirí an SEUPB, fad is a chosnaítear an t-airgeadas poiblí agus sócmhainní an SEUPB, rudaí a bhfuil mé féin freagrach astu, i gcomhréir leis na freagrachtaí atá orm maidir le Bainistíocht Airgeadais Phoiblí Thuaisceart Éireann agus Nósanna Imeacht Airgeadais Phoiblí (treoir do Ranna agus Oifií Rialtas na hÉireann).

Leagann an Meamram Airgeadais idir an SEUPB agus a Ranna Urraitheora amach go mionsonraithe na freagrachtaí atá ar an Oifigeach Cuntasaíochta (An Príomhfheidhmeannach) taobh istigh de chreat airgeadais agus gnó. Caithfidh an SEUPB oibriú de réir na gcaighdeán agus an treorach ar nósanna imeachta cuntasaíochta agus airgeadais, mar atá leagtha amach sa lámhleabhar ar Bhainistiú Airgeadais Phoiblí (TÉ). Tá Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse i bhfeidhm chun an caidreamh idir an SEUPB agus Ranna Cuntasacha a rialú, lena n-áirítear freagrachtaí na bpáirtithe go léir.

Cuspóir an chórais rialaithe inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha le riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas deireadh iomlán a chur leis an riosca teipe chun polasaithe, aidhmeanna agus cuspóirí a bhaint amach. Ní féidir leis ach cinnteacht réasúnta a chur ar fáil, gan a bheith iomlán, go mbeidh éifeachtacht i gceist mar sin.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar phróiseas leanúnach atá ceaptha leis na rioscaí a bhaineann le baint amach rathúil pholasaithe, aidhmeanna agus chuspóirí an SEUPB a aithint agus tosaíocht a dhéanamh díobh. Déanann an SEUPB measúnacht ar an dóchúlacht go dtitfidh na rioscaí sin amach agus tionchar a leithéid de theagmhais agus na gníomhartha a mbeadh gá leo chun iad a bhainistiú go héifeachtúil, go héifeachtach agus go heacnamaíoch. Tá an córas rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm sa SEUPB le haghaidh na bliana dar críoch 31 Nollaig 2014 agus suas go dtí data faofa na tuarascála agus na gcuntas bliantúil, agus tá sé i gcomhréir le treoir na Ranna Airgeadais.

### Cumas riosca a láimhseáil

Tá na nósanna imeachta cuí curtha i gcrích agam le cinntiú gur aithin mé goile riosca an SEUPB le haghaidh na bpríomhréimsí catagóire a aithníodh agus a chuimsíonn na rioscaí a aithníodh sa SEUPB. Tá straitéis rialaithe cinnte agam le haghaidh gach aon cheann de na rioscaí suntasacha. Mar thoradh air seo, tá úinéireacht riosca leithdháilte ar na baill foirne chuí agus tá a mheon i leith riosca maidir le baint amach a chuspóirí leagtha síos ag an SEUPB.

Chinntigh mé go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le deimhniú go bhfuil réimsí de bhainistíocht riosca agus rialú inmheánach athbhreithnithe agus tuairiscithe go rialta. Rinneadh measúnú iomlán riosca agus rialaithe le haghaidh na bliana dar críoch 31 Nollaig 2014. Tá bainistíocht riosca tar éis a bheith corpraithe go hiomlán i bpróiseas pleanála corparáidí agus cinnteoireachta an SEUPB. Caithfidh an fhoireann bhainistíochta tuairisciú dom go rialta ar phríomhrioscaí a aithníodh a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar a réimse oibre. Faighim tuairiscí rialta faoi rialú inmheánach. Tá na bearta cuí á ndéanamh chun rioscaí a bhainistiú i réimsí suntasacha freagrachtaí agus chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn i bpríomhthionscadail.

An creat riosca agus rialaithe
I rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2014, bhí na nithe seo a leanas déanta ag an SEUPB:

- an Goile Riosca eagraíochtúil a shainmhíniú agus a chur in iúl;
- Athbhreithniú agus nuashonrú rialta ar thaifead na rioscaí atá roimh an eagraíocht;
- Oibriú córas príomhtháscairí feidhmíochta agus riosca;
- Oibriú Coiste Iniúchóireachta agus Riosca i gcomhréir leis an gcleachtas is fearr;
- Coinneáil clár riosca ar fud na heagraíochta;
- Socrú le haghaidh tuairiscí ó Stiúrthóirí agus Bainisteoirí an SEUPB ar ghníomhaíochtaí rialaithe inmheánaigh.

### Cinnteacht Eolais

Aithním mo fhreagracht as láimhseáil chruinn agus shlán an eolais go léir, agus as gabháil agus próiseáil chruinn eolais, go háirithe nuair a d'fhéadfadh sé seo a bheith á úsáid ag tríú páirtithe, nó go bhféadfadh codanna eile den rialtas a bheith ag brath ar.

D'fhonn an fhreagracht seo a chur i gcrích go héifeachtach, rinneadh na gníomhartha seo a leanas:

- Ceapadh an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha mar Oifigeach Sinsearach Riosca Eolais (OSRE) an SEUPB.  Agus tá an OSRE tar éis dearbhú a fháil ó bhainisteoirí, agus iad tar éis nithe eolais a chur lena gcláir riosca, rudaí a thuairiscítear go míosúil.
- Ceapadh Oifigeach Eolais le cabhrú le cur i bhfeidhm leanúnach Pholasaithe Eolais an SEUPB agus rinneadh iniúchadh eolais, agus an fhoireann go léir ag measúnú réimsí coitianta dea-chleachtais, rioscaí agus feabhsuithe atá de dhíth.

### Athbhreithniú ar éifeachtacht

Agus mé mar Oifigeach Cuntasaíochta, tá freagracht orm chomh maith as athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmhéanaigh. Cuirtear le m'athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh le hobair na n-iniúchóirí inmheánacha agus na mbainisteoirí sa SEUPB a bhfuil freagracht orthu as forbairt agus cothabháil an chreata inmheánaigh rialaithe, tráchtanna a bhíonn déanta ag na hiniúchóirí seachtracha ina dtuarascáil dóibh siúd a bhfuil cúram rialachais orthu agus tuarascálacha eile. Chuir an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca comhairle orm faoi impleachtaí thorthaí m'athbhreithnithe ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh agus plean le dul i ngleic le laigí agus feabhsú leanúnach ar an gcóras atá i bhfeidhm a chinntiú.

Tá Comhaontú Leibhéal Seirbhíse ag an SEUPB leis an Iniúchóir Inmheánach ón Roinn Airgeadais agus Pearsanra (RAP) a oibríonn de réir na gcaighdeán atá sainmhínithe i gCaighdeáin Iniúchóireachtaí Inmheánaí an Rialtais. Faightear tuarascálacha rialta a chuimsíonn tuairim neamhspleách Cheann na hIniúchóireachta Inmheánaí ar leorgacht agus éifeachtacht chórais rialaithe inmheánaigh an SEUPB in éineacht le moltaí le haghaidh feabhsú. Maidir le 2014, tá leibhéal dearbhaithe bliantúil foriomlán 'sásúil' tar éis a bheith bronnta. Bhí sé mar thoradh ar na hiniúchtaí aonair go léir in 2014 gur bronnadh leibhéal dearbhaithe a bhí 'sásúil' ar a laghad.

Faoi airteagal 59 de Rialacháin na Comhairle (CE) Uimh. 1083/2006, tá Údarás Iniúchóireachta ceaptha ag na Ballstáit le bheith freagrach as fíorú fheidhmiú éifeachtúil an chórais rialaithe bainistíochta. Tá foireann ceaptha sa RAP i dTuaisceart Éireann leis an ról seo a chomhlíonadh, agus iad cuntasach go díreach do Choimisiún an AE. Tá freagracht bhreise shainiúil ar an Údarás Iniúchóireachta as:

- Iniúchtaí ar oibríochtaí ar bhonn sampla chuí chun caiteachas dearbhaithe a fhíorú;
- Cur i láthair plean iniúchóireachta chuig an gCoimisiún;
- Seoladh Tuarascálacha Rialaithe agus Tuairimí Iniúchóireachta Bliantúla chuig Coimisiún an AE (tá tuairimí iniúchóireachta gan choinníoll tar éis a bheith eisithe le haghaidh bhliain 13/14). Cuirtear na tuarascálacha seo ar fáil don SEUPB, Ranna Urraitheora, agus don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

íonn iniúchtaí déanta ar an SEUPB anois is arís agus iad déanta ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE), taobh istigh de chomhthéacs Ráiteas Dearbhaithe le haghaidh Chiste Forbartha Réigiúnaí na hEorpa. Díreoidh a leithéid d'iniúchtaí ar shampla caiteachais dhearbhaithe agus é seolta chuig an gCoimisiún. Bhain an t-iniúchadh ba dhéanaí dá leithéid le PEACE III agus tharla sé sa chuid luath de 2011. Bhí torthaí an iniúchta sin socraithe leis an gCoimisiún Eorpach agus níl aon cheisteanna suntasacha don SEUPB mar thoradh ar an iniúchadh seo.

Agus mé mar Oifigeach Cuntasaíochta, d'fhreastail mé ar Choiste Cuntas Poiblí i mBéal Feirste, agus ar Choiste um Chuntais Phoiblí i mBaile Átha Cliath ag tús 2015, maidir le tuarascálacha Oifig Iniúchóireachta Thuaisceart Éireann agus Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste na hÉireann ar thionscadal a maoiníodh ar dtús trí Chlár INTERREG IIA (2000-2006), rud ar ar tugadh 'Tionscadal Bytel'. Cheap an SEUPB gníomhairí forfheidhmithe le haghaidh riaradh Chlár INTERREG III agus bhí 'Tionscadal Bytel' cómhaoinithe agus comhbhainistithe ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Infheistíochta (RFTI) i dTuaisceart Éireann agus ag an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (RCFAN) in Éirinn. Rinneadh gearán sceithire faoi bhailíocht an tionscadail agus tar éis d'imscrúdú a bheith déanta ar cháilitheacht agus bailíocht an chaiteachais deontais, mheas an SEUPB an caiteachas a bheith neamh-incháilithe agus bhain siad an tionscadal seo go hiomlán de Chlár INTERREG III. Tá na Ranna Forfheidhmithe (an RAP agus an RCFAN) tar éis glacadh le costas iomlán mhaoiniú an tionscadail agus d'fhreastail Oifigigh Cuntasaíochta na Ranna seo ar Choistí na gCuntas Poiblí chomh maith.

Tháinig Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an SEUPB le chéile cúig huaire i rith 2014 agus rinne siad measúnú ar réimse cesiteanna amhail na córais rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm sa SEUPB. Bhí cathaoirleach neamhspleách amháin agus comhalta neamhspleách eile sa bhreis mar chomhaltaí gníomhacha den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca i rith 2014.

Seo a leanas comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca i rith na bliana:

| | |
|---|---|
| Cathaoirleach Neamhspleách | **Brendan Mullan** |
| Comhalta Neamhspleách | **Joe Campbell** |
| Ionadaí ón RAP | **Frank Duffy** |
| An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (An RCPA) | **Gearóid O'Keeffe** |

Tá freagrachtaí an Choiste ina iomláine leagtha amach ina Théarmaí Seirbhíse agus cuimsíonn siad cur ar fáil comhairle don Oifigeach Cuntasaíochta ar na nithe seo a leanas:

- Na próisis straitéiseacha le haghaidh riosca, rialú agus rialachais;
- Na cuntais, polasaithe cuntasaíochta agus an Tuarascáil Bhliantúil;
- Gníomhaíocht phleanáilte iniúchóireachta inmheánaí agus seachtraí; agus
- Dearbhú maidir le rialachas agus bainistíocht chláir an AE.


D'fhonn cabhrú leis na freagrachtaí seo a chur i gcrích, buaileann an Coiste le chéile chun athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtacht féin agus faigheann gach comhalta miontuairiscí Chruinniú míosúil na Foirne Sinsearaí Bainistíochta. Ullmhaíonn an Coiste Tuarascáil Bhliantúil chomh maith chun achoimre a thabhairt ar a ghníomhaíocht i rith na bliana.

Rinne an Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe athbhreithniú ar an soláthar foirne i rith an dara leath de 2012. Mhol an tuarascáil gur chóir líon foirne an SEUPB a laghdú go 60 in 2013 agus go 57 in 2014. Ghlac an Chomhairle Airí Thuaidh/Theas leis na moltaí seo ar 6 Nollaig 2013. Baineadh amach na spriocanna an líon foirne a laghdú go 60 in 2013 agus go 57 in 2014.

Bhí an 'Cuibhreannas' (Comhlacht Idirmheánach ina bhfuil an Chomhairle Caidreamh Pobail agus 'Pobal') faoi chonradh ag an SEUPB chun deontas domhanda a dháileadh agus a riaradh, rud atá curtha ar fáil ag an gCoimisiún Eorpach agus an Rialtas Lárnach le haghaidh gníomhaíochtaí ar leith a bhfuil cuspóirí socraithe acu (beart 1.2 de Chlár PEACE III). Tháinig deireadh le conradh an Chuibhreannais ar 31 Nollaig 2013 agus aistríodh triúr de bhaill foirne (FTE 2.6) an CCP a bhí páirteach i ngníomhaíocht bhainistíochta 17 dtionscadal taobh istigh de bheart 1.2, aistríodh iad go dtí an SEUPB faoi Athrú Soláthair Seirbhíse TUPE. Thosaigh na baill foirne seo ag obair ar 1 Eanáir 2014 agus tá siad mar bhreis ar líon bunúsach foirne an SEUPB. Leanann 'Pobal' den tseirbhís a bhí curtha ar fáil do 20 tionscadal roimhe seo a chur ar fáil faoi chonradh nua atá ar siúl ó 1 Eanáir 2014 go dtí 30 Meitheamh 2015.

Tá an SEUPB tiomanta cosc a chur ar chalaois agus cultúr frithchalaoise a chur chun cinn. Tá meon neamhfhulaingte ag an eagraíocht i leith calaoise agus tugann sé ar an bhfoireann, Príomhpháirtithe agus tairbhithe deiridh gníomhú go macánta agus go hionraic an t-am go léir, agus amhras réasúnta ar bith faoi chalaois a thuairisciú. Imscrúdóidh an SEUPB gach cás de chalaois iarbhír, iarracht ar chalaois agus calaois amhrasta agus féachfaidh sé le cistí agus sócmhainní a cailleadh trí chalaois a fháil ar ais. Tá an eagraíocht ag leagan béim shoiléir ar chosc calaoise agus tá sé tar éis dul i mbun sraith cleachtaí chun cultúr frithchalaoise a chur chun cinn sna Cláir.

Tá líon beag fadhbanna móra tar éis teacht chun cinn maidir le tionscadail atá maoinithe ag na Cláir atá á mbainistiú ag an SEUPB. Pé áit ar cuí, tarraingíodh siar tairiscintí oibre agus eisíodh orduithe aisghabhála. I gcásanna áirithe, tá imscrúdú ar siúl go fóill agus tá an PSNI curtha ar an eolas, nuair is cuí sin. Is féidir sonraí breise a fháil i nóta 23 de na cuntais seo. Tá mé sásta nach ionann teacht chun cinn na gcásanna seo agus laige chórasach ar bith i gcreat rialaithe inmheánaigh an SEUPB, ach cuimseofar ceachtanna ar bith a fhoghlaimítear ó na fadhbanna ar leith sna córais agus nósanna imeachta amach anseo. I rith 2014, lean an SEUPB d'oiliúint a chur ar fáil sa réimse cloí seo do chomhpháirtithe tionscadail agus príomh-chomhpháirtithe.



**PAT COLGAN**
**An tOifigeach Cuntasaíochta**
18 Meitheamh 2015

# Teastas na nArd-Reachtairí Cuntas agus Ciste do Thionól Thuaisceart Éireann agus Tithe an Oireachtais

Tá iniúchadh déanta againn ar chuntais an Fhorais um Chláir Speisialta an AE (an Foras) le haghaidh na bliana dar críoch 31 Nollaig 2014 de bhun fhorálacha an Ordaithe um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann) 1999 agus an tAcht um an gComhaontú Briotanach-Éireannach, 1999, rudaí a thugann orainn iniúchadh agus deimhniú a dhéanamh ar na cuntais a bhíonn curtha faoinár mbráid ag an bhForas le chéile. Cuimsíonn na cuntais an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas faoi Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid, na nótaí bainteacha agus an t-aguisín. Ullmhaíodh na cuntais seo faoi na polasaithe cuntasaíochta atá leagtha amach iontu.

**Freagrachtaí faoi seach an Chomhlachta, an Phríomhfheidhmeannaigh agus na nIniúchóirí**

Mar a míníodh ar bhealach níos iomláine sa Ráiteas Freagrachtaí, tá an Comhlacht freagrach as ullmhú na gcuntas agus as a bheith sásta go dtugann siad léargas ceart agus cóir. Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach mar Oifigeach Cuntasach as cuibheas agus rialtacht a chinntiú maidir le húsáid cistí poiblí. Tá sé mar fhreagracht orainn na cuntais a iniúchadh agus a dheimhniú i gcomhréir le forálacha an Ordaithe um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Forfheidhmithe) (Tuaisceart Éireann), 1999, agus an tAcht um an gComhaontú Briotanach-Éireannach, 1999. Rinneamar ár n-iniúchadh i gcomhréir le Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (An RA agus Éire). Tugann na caighdeáin sin orainn agus ar ár bhfoireann cloí le Caighdeáin Eiticiúla an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta d'Iniúchóirí.

**Scóip iniúchadh na gcuntas**

Is éard a bhíonn i gceist le hiniúchadh ná go bhfaightear fianaise faoi na méideanna agus an nochtadh sna cuntais chun gur leor iad le cinnteacht réasúnta a thabhairt go bhfuil na cuntais saor ó mí-ráiteas ábhartha, bíodh sé mar gheall ar chalaois nó earráid. Cuimsíonn sé seo measúnú ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na polasaithe cuntasaíochta cuí do chás an Chomhlachta agus ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus ar nochtadh iad go dóthanach; réasúnacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a bhí déanta ag an gComhlacht agus cur i láthair foriomlán na gcuntas. Chomh maith leis sin, léamar an t-eolas airgeadais agus neamhairgeadais sa Tuarascáil Bhliantúil agus sa Réamhrá d'fhonn neamhréireanna ábhartha leis na cuntais iniúchta a aithint agus chun eolas ar bith a aithint a bhfuil an chuma air go bhfuil sé mícheart go hábhartha bunaithe air, nó ag teacht salach go hábhartha ar, an eolas atá faighte againn le linn dúinn ár n-iniúchadh a dhéanamh.  Má thugaimid mí-ráitis nó neamhréireanna ábhartha ar bith faoi deara, déanaimid measúnú ar na himpleachtaí dár dteastas.

Tugtar orainn fianaise imleor a fháil chun cinnteacht réasúnta a chur ar fáil go bhfuil an caiteachas agus an t-ioncam a taifeadadh sna cuntais úsáidte le haghaidh na gcuspóirí a bhí beartaithe ag Tionól Thuaisceart Éireann agus Tithe ag Oireachais dóibh agus go gcloíonn na hidirbhearta airgeadais leis na húdaráis a bhíonn á rialú.

**Tuairim ar Rialtacht**

Is é ár dtuairim maidir le gach ábhar gur úsáideadh an caiteachas agus an t-ioncam atá taifeadta sna cuntais le haghaidh na gcuspóirí a bhí beartaithe ag Tionól Thuaisceart Éireann agus Tithe an Oireachais dóibh agus go gcloíonn na hidirbhearta airgeadais a taifeadadh sna cuntais leis na húdaráis a bhíonn á rialú.

### Béim ar Ábhar – Caiteachas neamh-incháilithe

Gan coinníoll a chur lenár dtuairim, tarraingímid aird ar Nóta 23, rud a leagann amach stádas reatha na n-imscrúduithe ar dhá thionscadal a maoiníodh roimhe seo inar aithníodh caiteachas neamh-incháilithe £581,064.

### Tuairim ar na cuntais

Is é ár dtuairim:

- go dtugann na cuntais léargas ceart agus cóir ar staid ghnóthaí an Chomhlachta amhail ar 31 Nollaig 2014 agus ar a bharrachas, iomlán na ngnóthachan agus na gcaillteanais aitheanta agus sruthanna airgid le haghaidh na bliana a chríochnaigh ansin; agus
- gur ullmhaíodh na cuntais go cuí i gcomhréir le forálacha an Ordaithe um Chomhoibriú Thuaidh/Theas (Comhlachtaí Feidhmithe) (Tuaisceart Éireann)agus an tAcht um an gComhaontú Briotanach-Éireannach 1999 agus orduithe a eisítear fúthu siúd.

### Tuairim ar nithe eile

Is é ár dtuairim go bhfuil an t-eolas sa Réamhrá le haghaidh na bliana airgeadais ar ullmhaíodh na cuntais ina leith, go bhfuil sé i gcomhréir leis na cuntais.

### Nithe ar a ndéanaimid tuairisciú de réir eisceachta

Tuairiscímid de réir eisceachta:

- murar coinníodh taifid imleora chuntasaíochta; nó
- mura bhfuil na cuntais i gcomhréir leis an taifid chuntasaíochta; nó
- mura bhfui an t-eolas agus na mínithe go léir atá de dhíth orainn faighte againn dár n-iniúchadh; nó
- nuair nach bhfuil an t-eolas atá tugtha sa Tuarascáil Bhliantúil i gcomhréir leis an gcuntas gaolmhar: nó
- nuair nach bhfuil an Ráiteas ar Rialú Inmheánach ag léiriú cloí leis an treoir infheidhmithe ar rialachas corparáideach.

Níl rud ar bith le tuairisciú againn faoi na nithe sin a thuairiscítear de réir eisceachta.

**KJ Donnelly**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste Thuaisceart Éireann
Oifig Iniúchóireachta Thuaisceart Éireann
Béal Feirste
BT7 1EU

25 Meitheamh 2015

**Seamus McCarthy**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste na hÉireann
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2
Éire

26 Meitheamh 2015

# An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais le haghaidh na bliana dar críoch 31 Nollaig 2014

| IONCAM | Nótaí | 2014 €'000 | 2013 €'000 | 2014 £'000 | 2013 £'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Deontas ó na Ranna | 2 | **2,379** | 2,331 | **1,917** | 1,979 |
| Ioncam Oibriúcháin Eile | 4 | **1** | 2 | **1** | 2 |
| Scaoileadh Deontais Chaipitiúil | 14 | **120** | 167 | **97** | 142 |
| Glanmhaoiniú Iarchurtha do Phinsin | 12(c) | **932** | 901 | **751** | 765 |
| AN tAONAD LÁRNACH ÍOCAÍOCHTAÍ | | | | | |
| Deontas a Fuarthas ó Ranna Cuntasacha | 3 | **28,768** | 28,063 | **23,181** | 23,823 |
| COIMISIÚN AN AE | | | | | |
| Éilimh Infhaighte ón AE | 3 | **71,928** | 67,653 | **57,960** | 57,430 |
| **IONCAM IOMLÁN** | | **104,128** | 99,117 | **83,907** | 84,141 |
| **CAITEACHAS** | | | | | |
| Dímheas | 8 | **(120)** | (167) | **(97)** | (142) |
| Costais Foirne | 5 | **(2,614)** | (2,518) | **(2,106)** | (2,138) |
| Costais Oibriúcháin Eile | 7 | **(697)** | (714) | **(562)** | (606) |
| Ús in-aisíoctha leis an Roinn Airgeadais agus Pearsanra | 3 | **(1)** | (2) | **(1)** | (2) |
| AN tAONAD LÁRNACH ÍOCAÍOCHTAÍ | | | | | |
| Íocaíochtaí a Rinneadh le Tionscadail | 3 | **(100,696)** | (95,716) | **(81,141)** | (81,253) |
| **CAITEACHAS IOMLÁN** | | **(104,128)** | (99,117) | **(83,907)** | (84,141) |
| **Barrachas na bliana agus é aistrithe go dtí an Cúlchiste Ginearálta** | | **–** | – | **–** | – |

Baineann gach méid thuas le hoibríochtaí leanúnacha.

Tá na nótaí ar leathanaigh 37 go 55 agus an t-aguisín ar leathanach 56 mar chuid de na cuntais seo.

## Ráiteas na nGnóthachan agus na gCaillteanas Iomlán Aitheanta le haghaidh na bliana dar críoch 31 Nollaig 2014

| | Nótaí | 2014<br>€'000 | 2013<br>€'000 | 2014<br>£'000 | 2013<br>£'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Barrachas na bliana** | | **–** | – | **–** | – |
| Gnóthachain taithí ar dhliteanais na scéime pinsin, éifeacht an ráta malartaithe san áireamh | 12(d) | **254** | 21 | **205** | 18 |
| Athruithe ar bhoinn tuisceana mar bhonn le luach reatha dhliteantais na scéime pinsin | 12(b) | **(815)** | 654 | **(657)** | 555 |
| **(Caillteanais)/gnóthachain achtúireacha** | 12(b) | **(561)** | 675 | **(452)** | 573 |
| **Coigeartú ar mhaoiniú iarchurtha pinsin** | | **561** | (675) | **452** | (573) |
| | | **–** | – | **–** | – |
| Gnóthachain/(caillteanais) malartaithe | 13 | **9** | (3) | **–** | – |
| **Gnóthachan/(caillteanas) iomlán aitheanta sa bhliain** | | **9** | (3) | **–** | – |

Tá na nótaí ar leathanaigh 37 go 55 agus an t-aguisín ar leathanach 56 mar chuid de na cuntais seo.

## An Clár Comhardaithe amhail ar 31 Nollaig 2014

| | Nótaí | 2014 €'000 | 2013 €'000 | 2014 £'000 | 2013 £'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 8(a) | **426** | 448 | **333** | 373 |
| Sócmhainní Doláimhsithe | 8(b) | **83** | 101 | **65** | 84 |
| | | **509** | 549 | **398** | 457 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Féichiúnaithe | 9 | **54,887** | 49,583 | **42,747** | 41,319 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 10 | **20,380** | 28,537 | **15,872** | 23,781 |
| Iomlán na Sócmhainní Reatha | | **75,267** | 78,120 | **58,619** | 65,100 |
| **Dliteanais Reatha** | | | | | |
| Creidiúnaithe – méideanna dlite taobh istigh de bhliain amháin | 11 | **(75,136)** | (77,998) | **(58,517)** | (64,998) |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **131** | 122 | **102** | 102 |
| **Iomlán na Sócmhainní Iúide Dliteanais Reatha roimh phinsin** | | **640** | 671 | **500** | 559 |
| Maoiniú iarchurtha pinsin | 12(b) | **9,644** | 7,477 | **7,511** | 6,231 |
| Dliteanais phinsin | 12(b) | **(9,644)** | (7,477) | **(7,511)** | (6,231) |
| | | **640** | 671 | **500** | 559 |
| Á maoiniú ag: | | | | | |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | | | |
| Cúlchiste Ginearálta | 13 | **131** | 122 | **102** | 102 |
| Cúlchiste Deontais Chaipitiúil | 14 | **509** | 549 | **398** | 457 |
| | | **640** | 671 | **500** | 559 |

Bhí na cuntais faofa ag an bPríomhfheidhmeannach ar 18 Meitheamh 2015.

**Pat Colgan**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Tá na nótaí ar leathanaigh 37 go 55 agus an t-aguisín ar leathanach 56 mar chuid de na cuntais seo.

## Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid le haghaidh na bliana dar críoch 31 Nollaig 2014

| | Nótaí | 2014<br>€'000 | 2013<br>€'000 | 2014<br>£'000 | 2013<br>£'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Glan-(eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | 15.1 | (6,493) | 18,387 | (6,613) | 15,501 |
| **Caiteachais caipitiúil agus infheistíocht airgeadais** | | | | | |
| Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta a fháil | | (80) | (80) | (63) | (68) |
| **Glan-(eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid roimh mhaoiniú** | | **(6,573)** | **18,307** | **(6,676)** | **15,433** |
| **Maoiniú** | | | | | |
| Maoiniú caipitiúil a fuarthas | | 80 | 80 | 63 | 68 |
| **Glan-insreabhadh airgid ó mhaoiniú** | | **80** | **80** | **63** | **68** |
| **Méadú ar airgead tirim/iarmhéideanna bainc** | **15.2** | **(6,493)** | **18,387** | **(6,613)** | **15,501** |

Tá na nótaí ar leathanaigh 37 go 55 agus an t-aguisín ar leathanach 56 mar chuid de na cuntais seo.

# Nótaí ag gabháil leis na Cuntais le haghaidh na bliana dar críoch 31 Nollaig 2014

## Polasaithe Cuntasaíochta

### 1.1. Coinbhinsiún Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na cuntais i gcomhréir le coinbhinsiúin an chostais stairiúil.

Glactar le Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais a bhíonn molta ag na comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta de réir mar a bhíonn siad infheidhmithe. Cloíonn na cuntais le riachtanais chuntasaíochta agus nochta a bhíonn eisithe ag an Roinn Airgeadais agus Pearsanra (RAP) agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### 1.2. Sócmhainní Seasta

Déantar Sócmhainní Seasta a luacháil ar a gcostas ar an SEUPB. Cuimsíonn sócmhainní doláimhsithe bogearraí ceannaithe.

Déantar sócmhainní seasta a dhímheas ón mí tar éis dóibh a bheith faighte, ar rátaí a ríomhtar chun an costas nó an luacháil a dhíscríobh, lúide luach measta iarmharach gach sócmhainne thar a saol ionchasach úsáideach, nó an téarma léasa, más giorra sin. Is iad saolta measta úsáideacha na bpríomhchatagóirí sócmhainní seasta ná:

| | |
|---|---|
| Daingneáin agus Feistí | 7 mbliana |
| Trealamh Ríomhairí | 5 bliana |
| Trealamh Oifige | 7 mbliana |
| Sócmhainní ar léas | An ceann is giorra de théarma an leasa agus saol úsáideach eacnamaíoch na sócmhainne |
| Sócmhainní Doláimhsithe | 5 bliana |

Tá na saolta measta úsáideacha thuas leasaithe ó 2014, tar éis measúnú ar úsáid stairiúil sócmhainní i ngach aicme. Tá Trealamh Ríomhairí agus Nithe Doláimhsithe tar éis méadú ó 3 go 5 bliana, agus tá Trealamh Oifige tar éis méadú ó 5 go 7 mbliana.

Maidir le sócmhainní nach raibh dímheasta go hiomlán amhail ar 31 Nollaig 2013, tá dímheas déanta ar an nglanluach leabhar atá fágtha i gcomhréir leis an saol úsáideach eacnamíoch athmheasta.

Ní mheastar luach na sócmhainní oibriúcháin atá in úsáid sa SEUPB a bheith imleor chun gur gá athluacháil bhliantúil a dhéanamh orthu.

### 1.3. Costais Pinsin

Oibríonn an SEUPB scéim pinsin sochair shainithe a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn 'íoc mar a úsáidtear' ón airgead atá ar fáil dó, lena n-áirítear airgead a chuir an RAP i dTuaisceart Éireann agus an RCPA in Éirinn ar fáil.

Cuirtear maoiniú ar fáil chomh maith trí asbhaintí ó thuarastail na foirne, rudaí a bhíonn aisíoctha ag an SEUPB leis an RAP agus an RCPA. Bíonn asbhaintí san áireamh i dtuarastail agus costais phá (nóta 5).

Tomhaistear dliteanais Scéim Pinsean ar bhonn achtúireach trí mhodh an aonaid mheasta.

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a bhí tuillte ag fostaithe sa tréimhse. Aithnítear méid atá comhfhreagrach don mhuirear pinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála, agus fritháirithe ag deontais a fuarthas sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a dhéanamh.

Aithnítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a bhí mar thoradh ar athruithe ar bhoinn tuisceana achtúireacha agus ó bharrachais agus easnaimh thaithí i Ráiteas na nGnóthachan agus na gCaillteanas Iomlán Aitheanta le haghaidh na bliana inar dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid in-aisghabhála ón RAP/RCPA.

Is ionann dliteanais phinsin agus luach reatha íocaíochtaí pinsin amach anseo atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. Is ionann maoiniú iarchurtha pinsin agus an tsócmhainn

chomhfhreagrach atá le bheith aisghafa amach anseo ó RAP/RCPA.

**1.4. Cáin bhreisluacha**

Ní féidir leis an SEUPB CBL a éileamh ar ais. Mar sin tá CBL san áireamh mar chaiteachas agus nuair is cuí, déantar í a chaipitliú i luach sócmhainní seasta.

**1.5 Léasanna**

Déantar sócmhainní atá á gcoinneáil faoi léasanna airgeadais agus conarthaí fruilcheannaigh a chaipitliú ar a luach cóir ar thosú an léasa agus déantar iad a dhímheas thar an gceann is giorra de thréimhse an léasa agus saol measta úsáideach eacnamaíoch na sócmhainní. Déantar na muirir airgeadais a leithdháileadh thar thréimhse an léasa agus déantar iad a ghearradh ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais.

Gearrtar rudaí ar cíos ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais thar théarma an léasa.

**1.6 Airgeadraí**

Déantar idirbhearta an SEUPB in airgeadraí an dlínse ar leith. Cuirtear na Ráitis Airgeadais i láthair sa dá airgeadra, agus gach ceann acu ag léiriú comhiomlánú de na hidirbhearta go léir sa bhliain i ngach aon dlínse agus iad aistrithe ar na rátaí meánacha malartaithe faoi seach i rith na bliana. Ag deireadh na bliana, aistrítear sócmhainní agus dliteanais ar an ráta atá i bhfeidhm ag an am sin.

Seo a leanas na rátaí malartaithe a úsáideadh le haghaidh 2013 agus 2014

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| Ráta meánach | £1 = €1.241 | £1 = €1.178 |
| Ráta deireadh bliana | £1 = €1.284 | £1 = €1.200 |

**1.7 An tAonad Lárnach Íocaíochtaí**

Oibríonn an SEUPB Aonad Lárnach Íocaíochtaí a bhí bunaithe chun íocaíochtaí a dhéanamh le tionscadail a mhaoinítear faoi Chláir bhainteacha an AE ar son Ranna Cuntasacha Rialtais i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn.

Tá Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse i bhfeidhm idir an SEUPB agus gach Roinn Chuntasach ina ndéantar cur síos ar fhreagrachtaí an dá pháirtí, agus iad ag lua go soiléir nach ceadmhach na cistí a úsáid faoi rogha an SEUPB, ach go gcaithfear iad a úsáid chun íocaíochtaí a dhéanamh le tionscadail faoin Roinn Chuntasach, Clár agus Téama bainteach.

